

Rinne na sean-Chonróiri a thaobhaigh leis an Státa nua sna fichidí agus na daoine eile a thaobhaigh sna tríochaidí le oidhrí nua an Státa sin, daoine ar nós an tSeabhaic, agus Airt Uí Riain, iarrachtaí le cumainn eile a thionscailt i gcoimhlint le Conra na Gaeilge. Bhítheadh ag súil go seargfadh Conra na Gaeilge faoin a n-anáil sin mar adeirtí go seargfadh an Státa féin sa Rúis faoi anáil an Chómhchumannachais. Níor éirigh leo sin. Shéalaigh siad as ó cheann go ceann. Is dóigh gur choinnigh siad cúnar Chonra na Gaeilge ó chuid den sean-spionna a bhi inti roimh 1921 a ghabháil ar ais. B' shin é a gcuspóir dár ndóigh. Sna ceatharachaidí féin, le linn an Choga, bhí Conra na Gaeilge fós i rocht rud do-thargairithe a dhéanamh, geáitse réabhlóideach a chur air féin. Thuig de Valera nár bhí fhéidir a bheith muiníneach as. Má bhí athrú ag teacht níor dhóide beirthe nó b'athrú réabhlóideach é. D'fhéach sé chuige nach dtiocfad. Chuir sé an frithbheart ar siúl, Seanad lántchumhachtach na teanga, Bráithreachas na Poblachta i gceannas ar Óglaigh na hÉireann, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Séard is mó is dfol cuimhne le duine gur iarr de Valera, lá tionsclaithe na Comhdhála i dteach an Árd-Mhaoir, trí gháire cnoic d'easbag Africeach eicint a bhí sa láthair. Geáitse deas beannaithe poilitiocht, déarfá.

Mar sin féin an dream ar éirigh smacht na Comhdhála leo ar dtús as coup d'état ba dream forásach go leor iad faoi cheannas an Chomhchaidrimh. Ach ba bheag nach ndearna siad sin féin frithbheartaigh, reactionaries, ar áit na mbonn. Ba lór go raibh Glúin bhiogóideach na Bua ann, dream a bhí ag cliúsafocht goirid roimhe sin le smaointe na bhFaisisteach agus na Naziach. Enfin vint Malherbe, an Blaghdaach, le bheith in a chathaoir smála ar an gComhdháil.

Bhain an Chomhdháil amach an cuspóir a chuir de Valera in áirid di, gan aon teacht aniar ná aon déantús maitheasa a bheith inti féin ach easaontas a bhuanú agus a bheith in a ceap tuisle ar aon ghluaiseacht eile. Is lárionad í don mheasúlacht, do na frithbheartaigh, do na beag-mhaiteasaigh, do na cipiléaraí, ariamh ó shoin. Mandairineáid meamramaile í, párfhlaitheas is plúchtaí ná tríú Poblacht na Fraince a rinne sraith ar lár cho réidh sin roimh na Gearmánaigh i 1940.

Ó thús bhí freasúra idir Conra agus Comhdháil. Go drugallach stuacach a bhí an Conra páirteach in eagras na Comhdhála a bhí in a rud cho haimhréiteach sin go gcaithfeadh sé go mba threifideacht as ceann de Valera féin a bhí ann. Ba iad malairt na rudaí a bhí dhá mhola ag an gComhdháil a niodh an Conra, len a neamhspleáchas féin a fhoilsiú is dóigh. Mar shampla i dtús na gcaogaídi bhí daoine cho corraithe sin faoin nGúm gur léar go dtiocfad athrú. Bord foilsitheoirí reacht státa a bhí an Chomhdháil a mhola. In a suí ag an gcruiinniú céanna bhí méarachaí tarcaisneach sínte ag ionadaithe an Chonra: "Bord státa! an bhfeiceann sibh é?" Táillí, mórán an rud céanna atá i mBord na Leabhar Gaeilge, a mholt siad féin.

Is mó sríana a choinnigh an Chomhdháil ar an gConra ná a mhalaírt. Fuair an Chomhdháil cipiléaracht eicint i gcónaí le déanamh. Bhí an frithbheartach mór, Mac an Bheatha, bréagtha le comhairle a thabhairt don Chonra aon uair, i dtaoibh a ndearmaid gan a bheith ag leanacht ar a lorg féin. D'éirigh an Conra as na rúin chainteach a raibh feidhm eicint leo i gcónaí ariamh. Ba dheacair don Chonra faoin ngrian dhalltach